# Comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí a chothú

## Réamhrá

Is éard is aidhm leis an ábhar seo ná tacú le múinteoirí chun comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí a chothú.[1] Cuimsíonn sé na codanna seo a leanas:

- Cumarsáid chomhsheasmhach thráthúil idir an scoil agus an baile
- A chuimseodh gach uile thuismitheoir
- Cuir chuige uile-scoile i leith tacaíocht do thuismitheoirí
- Léitheoireacht bhreise.

Is freagracht chomhroinnte é OSPS/OCG nach dtosaíonn ná nach gcríochnaíonn sa seomra ranga. Is éifeachtaí é nuair a bhíonn sé bunaithe ar chur chuige comhsheasmhach mar a gcomhroinntear an fhreagracht idir an scoil agus an baile. Cuidíonn cur chuige comhpháirteach lena chinntiú go gcuirtear eispéireas comhsheasmhach in OSPS/OCG ar fáil do pháistí agus go mbeidh siad in ann ceangail a dhéanamh idir an saol sa bhaile, sa scoil agus sa phobal. (CNCM, 1999, lch 4). Is ionann comhpháirtíocht agus caidreamh comhoibríoch a thacaíonn agus a chumhachtaíonn rannpháirtíocht dhearfach tuismitheora trí chumarsáid a bhíonn bunaithe ar iontaoibh agus ar chomhthuiscint. Trí na comhpháirtíochtaí seo, féadann tuismitheoirí caidreamh fiúntach torthúil le múinteoirí a fhorbairt, rud a chuireann lena spéis, a n-eolas agus a dtuiscint ar thábhacht an Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta.

## Cumarsáid chomhsheasmhach thráthúil idir an scoil agus an baile

Tá an chumarsáid chomhsheasmhach thráthúil faoin bhfoghlaim in OSPS/OCG tábhachtach ó na naíonáin shóisearacha aníos go dtí rang a sé agus soláthraíonn sí deiseanna do thuismitheoirí chun nasc a dhéanamh idir an fhoghlaim sa bhaile agus an fhoghlaim ar scoil. Ar na deiseanna le cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí faoi OSPS/OCG i gcaitheamh na scoilbhliana, tá:

- **Rollú:** Is ionann faisnéis faoi OSPS/OCG a chuimsiú mar chuid den phróiseas rollacháin agus deis le tacú leis an gcumarsáid agus chun comhpháirtíocht a bhunú le tuismitheoirí (<u>féach Acmhainní le Comhroinnt le Tuismitheoirí i rannán na nAcmhainní Teagaisc den tacar uirlisí úsáide ar líne OSPS/OCG</u>). D'fhéadfadh sé go n-aireofaí anseo bealaí le tacú le foghlaim na bpáistí sa bhaile, agus croí-theachtaireachtaí ba mhaith leis an scoil a chur in iúl faoi OSPS/OCG.

- **Cruinnithe le tuismitheoirí:** Is ar riachtanais an pháiste a bhíonn an fócas agus comhpháirtíochtaí á bhforbairt le tuismitheoirí. Tríd an méid a mhúinfear in OSPS/OCG a chomhroinnt go rialta, is féidir cabhrú le tuismitheoirí a bheith rannpháirteach agus nádúr iomlánaíoch ceangailte na foghlama in OSPS/OCG a thuiscint. Is féidir go dtabharfadh na cruinnithe seo deis do thuismitheoirí a gcuid buarthaí agus dearcthaí a shoiléiriú, agus deis duitse raon an churaclaim OSPS/OCG a roinnt leo, mar aon leis na hacmhainní agus na modheolaíochtaí a úsáidtear lena theagasc. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le cumarsáid leantach le tuismitheoirí le tabhairt faoi cheisteanna nó ábhar buartha ar bith. Is ionann cruinnithe ranga agus deis eile le bualadh le tuismitheoirí agus faisnéis a chomhroinnt ar na topaicí agus na cuir chuige i leith theagasc OSPS/OCG. Is féidir eolas a chuimsiú ag na cruinnithe foirmeálta tuismitheora/múinteora ar dhul chun cinn agus foghlaim an pháiste in OSPS/OCG.

- **Ag tacú leis an bhfoghlaim sa bhaile:** Is féidir acmhainní amhail scéalta, bileoga eolais nó gearrthóga físe a roinnt le cuidiú le tuismitheoirí labhairt lena bpáiste/bpáistí i dtaca le topaicí in OSPS/OCG. D'fhéadfadh sé nach mbeadh Gaeilge ná Béarla ó dhúchas ag roinnt tuismitheoirí, mar sin, tá sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar na cineálacha ábhar a d'fhéadfaí a roinnt le tacú leo agus freastal ar a gcuid riachtanas.

[1] Is ionann tuismitheoirí anseo agus máithreacha, aithreacha agus daoine a bhfuil freagracht tuismitheora acu i gcaidrimh dhifriúla tuismitheoireachta. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé sin tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leastuismitheoirí, caomhnóirí dlíthiúla agus cúramóirí.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

# Comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí a chothú

- **Cumarsáid scríofa:** Is éifeachtaí an chumarsáid scríofa faoin bhfoghlaim in OSPS/OCG nuair a chomhlánaíonn sí cineálacha eile cumarsáide, amhail comhráite agus cruinnithe. Is féidir an cur chuige a nglacann an scoil leis a roinnt: liosta na dtopaicí atá clúdaithe sa churaclam; na modheolaíochtaí a úsáidtear le tacú le foghlaim na bpáistí; agus comhairle le tacú leis an bhfoghlaim seo sa bhaile.

### Forléargas an mhúinteora

*Sa scoil againne, déanaimid iarracht a léiriú go mbíonn doras na scoile i gcónaí oscailte le haghaidh comhphlé agus comhrá ar gach aon ábhar, lena n-áirítear buarthaí i dtaca le OCG. Bímid soiléir, áfach, go mbíonn a leithéid de chomhráite tábhachtach agus go dteastaíonn am agus machnamh ina dtaobh. Cinntímid go mbuailimid le tuismitheoirí lasmuigh den rang ag am réamhshocraithe. Is mór le tuismitheoirí an infheistíocht ama agus spáis sin lena gcuid barúlacha agus buarthaí a chomhroinnt agus, ó thaobh na múinteoirí de, tugann sé am dúinne le bheith ag éisteacht agus le dearcadh na scoile a chur in iúl i dtaca lenár gcuid ról agus freagrachtaí agus lenár gcur chuige i leith theagasc OCG. Bíonn tuismitheoirí buíoch nuair a ghlacaimid le cur chuige ionraic oscailte.*

### Machnamh an mhúinteora

- Bunaithe ar an taithí atá agat ar OSPS/OCG a theagasc, cad iad na modhanna cumarsáide is mó a n-éiríonn leo, dar leat, tacú le comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí?

### Freastal ar gach tuismitheoir

Is féidir go mbeadh barúlacha éagsúla ag tuismitheoirí i dtaca leis na cineálacha topaicí ba cheart a theagasc, an t-am ar cheart iad a theagasc agus an chaoi ar cheart topaicí áirithe a theagasc in OSPS/OCG. Trí ghlacadh lena gceisteanna agus a ndearcthaí i dtaobh na dtopaicí sin, cuirtear le forbairt na gcomhpháirtíochtaí éifeachtacha a chuimsíonn gach uile thuismitheoir. Ach fáilte a fhearadh roimh na comhráite seo, cruthaíonn tú deis le haghaidh comhthuiscint ar raon na foghlama in OSPS/OCG. Agus tú ag tacú le gach tuismitheoir, féadann tú a bheith meabhrach ar:

- **Feasacht ar chúlraí teaghlaigh, luachanna agus creidimh éagsúla:** Tá sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar chúlra teaghlaigh, ar luachanna agus ar chreidimh a chuireann le dearcthaí na dtuismitheoirí i leith na foghlama faoi chaidrimh agus gnéasacht. D'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt teaghlach buartha faoi fhoghlaim an pháiste acu in OSPS/OCG. Tacaíonn an fheasacht a bheadh agatsa ar a gcreideamh reiligiúnach agus cultúrtha leis an tuiscint agus leis an meas a bheadh agat ar an dearcadh sin le linn comhráite. Agus tú ag freagairt go tuisceanach do thuismitheoirí, is féidir tagairt a dhéanamh do luach na foghlama in OSPS/OCG do pháistí agus na céimeanna a ghlactar le tacú lena rannpháirtíocht le hinneachar an ábhair, go dtí leibhéal a bheadh oiriúnach dá n-aois agus dá gcéim forbartha. Is féidir teacht ar thacaíocht bhreise i dtaca leis an réimse seo i dTreoirlínte an Mhúinteora ar an gCuraclam OSPS agus ar PDST.ie.
- **Feasacht ar chineálacha difriúla teaghlach:** Cuidíonn léiriú ionchuimsitheach ar gach teaghlach—tuismitheoirí comhghnéis, tuismitheoir aonair, teaghlaigh altrama agus teaghlaigh ilghlúine—le teaghlaigh a bhrath go bhfuil fáilte rompu agus go bhfuil siad á n-ionchuimsiú, rud a fhorbraíonn comhpháirtíochtaí éifeachtacha idir an scoil agus an baile. Trí gach cineál teaghlaigh a léiriú i do chuid teagaisc agus trí theanga ionchuimsitheach a úsáid sa chumarsáid fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta, fágtar go mbraitheann teaghlaigh go bhfuil luach leo agus meas orthu agus cothaítear an teagmháil agus an rannpháirtíocht.
- **Feasacht ar fhéiniúlacht inscne:** D'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt tuismitheoirí ag plé le réimse d'eispéiris a bhaineann le féiniúlacht

# Comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí a chothú

inscne a bpáiste. Is féidir leis an scoil feidhmiú mar thaca na dtuismitheoirí más mian leo sin, trí theanga ionchuimsitheach a úsáid, trí chur chuige leathanaigeanta a bheith acu agus trí spás sábháilte a chur ar fáil le haghaidh féinléiriú.

### Machnamh an mhúinteora

- I do thaithí féin, cén tionchar a bhíonn ag cur chuige ionchuimsitheach maidir le bheith ag tacú le comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí sa rang agat?
- I do thaithí féin, an bhfuil aon réimsí eile ar gá breithniú orthu agus cur chuige ionchuimsitheach á úsáid le tacú le comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí?

### Forléargas an mhúinteora

*Déanaim iarracht i gcónaí dearcadh an tuismitheora a thuiscint agus smaoineamh ar a mbíonn le déanamh agam lena chinntiú go mbraitheann siad go bhfuiltear ag tacú leo agus go bhfuil ról acu sa ghné thábhachtach seo den fhoghlaim. In amanna, treoraím tuismitheoirí chuig acmhainní agus tacaíocht bhreise le go bhféadann siad comhráite a bheith acu sa bhaile, trí naisc nó na leabhráin a ordaímse ó FSS a thabhairt dóibh. Amanna eile, socraím cruinniú le tuismitheoir le roinnt de na hábhair agus na croí-theachtaireachtaí i gcur chuige na scoile a phlé. Déanaimse iarracht tuiscint iomlán a bheith agam féin ar na ceisteanna uile a bhíonn faoi chaibidil, agus má bhímse éiginnte nó má bhíonn tacaíocht bhreise de dhíth orm, bíonn i gcónaí múinteoirí eile sa scoil a bhféadaimse a bheith ag brath orthu. Is minic a mhothaíonn tuismitheoirí níos compordaí, níos rannpháirtí agus níos eolaí ar a mbíonn á theagasc nuair a thógaimse an t-am leis na croí-theachtaireachtaí faoi OCG a roinnt leo sa chumarsáid a dhéanaim leo, lena n-áirítear le linn cruinnithe ranga agus cruinnithe tuismitheora/ múinteora.*

### Cuir chuige uile-scoile i leith tacaíocht do thuismitheoirí

Is féidir tacú agus cur le bunú agus le cothú na gcomhpháirtíochtaí le tuismitheoirí ach cur chuige uile-scoile a úsáid:

Rannpháirtíocht san athbhreithniú ar pholasaí Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta: PIs ionann rannpháirtíocht tuismitheora san athbhreithniú ar pholasaí OCG na scoile agus deis thábhachtach le breithniú agus forbairt a dhéanamh ar chur chuige na scoile i leith OCG. Is féidir ról a bheith ag Cumann na dTuismitheoirí maidir le rannpháirtíocht a éascú trí chruinnithe a eagrú agus glacadh le haiseolas agus barúlacha ó thuismitheoirí i gcoitinne. Is féidir ceistneoirí ar líne a úsáid le haiseolas a fháil ó thuismitheoirí i dtaca le cur chuige na scoile i leith OCG.

Nuachtlitir: Is féidir, trí ailt a fhoilsiú ar OSPS/OCG i nuachtlitir na scoile, aird a tharraingt ar an bhfoghlaim in OCG, agus tacú leis an tuiscint gur rud leanúnach é agus go gcuimsíonn sé réimse d'eispéiris foghlama.

Seisiúin eolais do thuismitheoirí: Tugann seisiúin eolais deiseanna do thuismitheoirí chun eolas a chur ar an inneachar agus ar na modheolaíochtaí a úsáidtear in OSPS/OCG, rud a éascaíonn dóibh a bheith ag tacú níos fearr le foghlaim a bpáiste in OSPS/OCG. Is féidir ról a bheith ag Cumann na dTuismitheoirí maidir le heagrú na seisiún eolais.


NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

# Comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí a chothú

### Forléargas an mhúinteora

*Feictear dúinn go mbíonn tuismitheoirí níos rannpháirtí le linn luathbhlianta na bunscolaíochta agus, dá réir, déanaimid iarracht teachtaireachtaí faoi OSPS/OCG a chuimsiú chomh minic agus is féidir le linn na tréimhse seo. Cuidíonn sé sin linn bunús maith a leagan síos agus plé le haon bhuarthaí nó ceisteanna go luath. Tacaíonn sé le tuismitheoirí freisin nó feictear dóibh go mbíonn OCG á theagasc ó thús deireadh na bunscoile agus ní sna ranganna sinsearacha amháin. Úsáidimid neart deiseanna chomh maith le cumarsáid agus teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí. Trí theachtaireachtaí dearfacha a fhógairt faoin scoil, braitheann tuismitheoirí rannpháirteach agus go bhfuil siad ar an eolas faoina mbíonn ag tarlú. Cuirtear tuismitheoirí ar a suaimhneas agus bíonn siad muiníneach i dtaca lenár gcur chuige nuair a fheiceann siad an méid a dhéanann an scoil dá bpáiste. Tuigeann siad go bhfuil an scoil ag déanamh a dícheall. Ní éiríonn le straitéis amháin aisti féin, bíonn ort codanna díobh go léir a thriail le dul i gcion ar a oiread tuismitheoirí agus is féidir. Is cosúil nach mbíonn páistí chomh buartha céanna agus go mbíonn siad níos rannpháirtí nuair a bhíonn spéis ag a dtuismitheoirí san fhoghlaim scoile agus nuair a thacaíonn siad léi. Feicimse é sin nuair a thagann topaicí aníos nó ní bhíonn an éiginnteacht ná an drogall céanna ar pháistí ó thaobh na rannpháirtíochta de.*

### An chéad chéim eile?

### Léitheoireacht bhreise

**Acmhainní le roinnt le tuismitheoirí/caomhnóirí:** Soláthraíonn an tacar uirlisí úsáide ar líne do OSPS/OCG acmhainní is féidir a roinnt le tuismitheoirí ag gach leibhéal ranga.
Acmhainní chun OSPS/OCG a theagasc

**FSS, Supporting Parents Communicating with Children Aged 4–9 Years about Relationships, Sexuality and Growing Up**: Rinneadh an taighde seo in 2018 agus ba é ba bhunús leis an acmhainn de chuid FSS, Ag Labhairt le Do Pháiste Óg faoi Chaidrimh, Gnéasacht agus Fás Aníos. Léigh an achoimre feidhmiúcháin

**Parental Involvement, Engagement and Partnership in their Children's Education during the Primary School Years:** Rinne CNCM an taighde seo a choimisiúnú agus ba í Institiúid Oideachais Marino a chuir i gcrích é. Léigh an tuarascáil anseo

### Tagairtí

CNCM. (1999). Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, Treoirlínte don Mhúinteoir, BÁC: An Roinn Oideachais agus Scileanna.